



# Scéim Dhreasachta Post (ÁSPC) d'Fhostóirí

## Céard í an Scéim Dhreasachta Post (ÁSPC) d'Fhostóirí?

Má fhostaíonn tú oibrithe **breise cáilithe** i rith 2012, ciallaíonn an Scéim Dhreasachta Post (ÁSPC) d'Fhostóirí nach mbeidh ort ÁSPC fostóra a íoc i leith a bhfostaíochta ar feadh ocht mhí dhéag, ón dáta ar a bhformheastar thú le haghaidh na scéime. Beidh tú faoi theorainn uasmhéid 5% den lucht saothair atá agat faoi láthair nó cúigear fostaithe faoin scéim seo, nó cibé is mó.

## Conas a cháilítear?

Más mian leat cáiliú le haghaidh na Scéime Dreasachta Post (ÁSPC) d'Fhostóirí, ní mór don phost a chruthaíonn tú agus an duine a fhostaíonn tú critéir áirithe a chomhlíonadh araon. Fad is atá tú ag fanacht le bheith formheasta le haghaidh na scéime, ba chóir duit na gnáthnósanna imeachta íocaíochta ÁSPC fostaí agus fostóra a leanúint.

Ní mór don **duine atá á f(h)ostú agat** a bheith ag fáil ceann amháin de na híocaíochtaí leasa shóisialaigh seo a leanas ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad (156 lá);

- Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta
- Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora
- Liúntas Míchumais

Tá am a chaitear ar JobBridge nó ar an gClár Socrúchán Oibre inríofa chomh maith chun críoche cáilitheachta. D'fhéadfadh duine cáilithe a bheith fostaithe go díreach ó cheachtar de na scéimeanna seo, chomh luath is a bheadh critéir éigeantacha an 156 lá comhlíonta aige/aici.

D'fhéadfadh am a chaithfí ar chúrsa gearr oiliúna atá á riar ag SOLAS a bheith san áireamh le haghaidh na tréimhse cáilithe. Ní mór teidlíocht i leith ceann amháin de na scéimeanna thuas a bheith athbhunaithe sula dtosaítear ag gabháil d'fhostaíocht.

Is gá go mbeidh an post:

- Nua agus ina phost breise
- Ar feadh 30 uair sa tseachtain ar a laghad
- Ag maireachtáil ar feadh sé mhí ar a laghad
- Ag íoc íosphá

## Conas agus cén uair ba cheart iarratas a dhéanamh?

Tá an scéim seo ar oscailt d'fhostóir ar bith a chruthaíonn post nua breise i rith 2012 a chomhlíonann critéir na scéime.

Má tá tú cáilithe agus má theastaíonn uait fostaí nua a fhostú faoin scéim seo, comhlánaigh foirm **PRSI 20** agus seol isteach deimhniú reatha imréitigh cánach.

Déantar déileáil leis na hiarratais go lárnach i Rannóg na Scéime Dreasachta Post (ÁSPC) d'Fhostóirí. Ba chóir gach iarratas comhlánaithe agus fiosrúcháin a sheoladh go díreach chuig:

### Scéim Dhreasachta Post (ÁSPC) d'Fhostóirí

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Urlár 2

Lóiste na Sionainne

Cora Droma Rúisc

Co. Liatroma

Íosghlao: 1890 927 999 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

Guthán: +353 71 9672616 (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht)

Arna eisiúint ag:  
Seirbhísí Eolais  
An Roinn Coimirce Sóisialaí  
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh  
Bóthar an Choláiste  
Sligeach

Má tá tuilleadh eolais uait:

- Logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).
- Líne Eolais Íosghlao **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó **+353 71 91 933313** (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht).
- Buail isteach chuig d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

## Cén fhad a leantar den díolúine?

Bronntar an díolúine ar feadh uasmhéid ocht mí dhéag ó dháta an fhormheasta le haghaidh na scéime maidir le poist a cruthaíodh tar éis 1 Eanáir 2012. Má thagann deireadh le fostaíocht an duine taobh istigh de shé mhí ó fuarthas an díolúine, seans go mbeidh ort na ranníocaíochtaí ÁSPC fostóra a íoc le haghaidh an fhostaí nua.

Má chruthaigh tú post i 2010 nó 2011, d'fhéadfá leas a bhaint as díolúine ÁSPC fostóra ar feadh dhá mhí dhéag ón dáta ar ar formheasadh thú le haghaidh na scéime.

## Ceadú

Má cheadaítear d'iarratas, seolfar teastas díolúine chugat maidir leis an bhfostaí nua agus beidh sonraí breise ann ar an gcaoi ar gá taifid an fhostaí a choinneáil.

### Tabhair faoi deara

**Ba chóir duit an gnáthchóras ÁSPC d'fhostaithe agus don fhostóir a oibriú, fad is atá tú ag fanacht le ceadú.**

## Ceart i leith athbhreithniú

Más rud é nach n-aontaíonn tú le cinneadh a rinneadh ar d'iarratas, d'fhéadfá athbhreithniú ag an oifigeach atá i gceannas ar an rannóg a iarraidh i scríbhinn. Ba chóir duit aon fhianaise nua a chur leis, le tacú leis an athbhreithniú.

## Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Má theastaíonn uait leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais a fháil faoi sheirbhísí leasa shóisialaigh:

- Logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).
- Líne Eolais Íosghlao ag **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó **+353 71 91 933313** (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht).

- Buail isteach chuig d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó chuig an Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

### Tabhair faoi deara

**D'fhéadfadh rátaí difriúla a bheith á ngearradh ag soláthraithe seirbhíse éagsúla ar úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).**

**Is mar threoir amháin atá an bhileog seo, agus ní fhéachtar le léirmhíniú dlíthiúil a sholáthar inti.**